Spléach-Threoir

www.singlepensionscheme.gov.ie

# Achoimre ar Ghnáthscór

### Céard é Gnáthscor?

Tarlaíonn gnáthscór nuair a éiríonn comhalta go díreach as fostaíocht inphinsin agus nuair atá:

- Gnáthaois scoir bainte amach acu (féach thíos); agus
- Ranníocaíocht déanta i leith na scéime le 24 mí nó níos mó.

### Cad é mo Ghnáthaois Scoir?

Is ionann do Ghnáthaois Scoir agus an aois cháilitheachta le haghaidh Pinsin Stáit Ranníocaigh, a íocann An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

### Cén chaoi a ríomhtar mo ghnáthshochair scoir?

Fabhraíonn tú dhá chineál sochar, ar a dtugtar méideanna inchurtha orthu, gach uair a íoctar thú agus tú i do chomhalta den Scéim.

I ngach tréimhse íoca, fabhraíonn tú méideanna sochair i dtreo:

- do shochar cnapshuime scoir; agus
- do shochar pinsin scoir bhliantúil.

Braitheann do thuilleamh inphinsin den chuid is mó ar an méid a shaothraíonn tú mar mhéideanna sochair i ngach tréimhse íoca.

Is féidir go méadófar méideanna sochair a saothraíodh le linn blianta níos luaithe do bhallraíochta den Scéim sna blianta amach anseo le boilsciú a chur san áireamh.

Tráth do scoir, suimítear gach ceann de na méideanna sochair agus socraíonn sé seo cad iad na sochair scoir a mbeidh agat.

Is féidir teacht ar shamplaí cuimsitheacha faoin dóigh a ríomhtar sochair scoir, do chomhalta lánaimseartha nó do chomhalta páirtaimseartha, i do Bhileog Faisnéise Scéime.

### An gá dom éirí as mo phost nuair a bhainim amach mo Ghnáthaois Scoir?

A fhad is go gceadaíonn téarmaí agus coinníollacha do chuid fostaíochta, is féidir leat cinneadh a dhéanamh gan dul ar scor agus leanúint ort de bheith ag obair go dtí go mbaineann tú 70 bliain d'aois amach.

### An féidir liom dul ar scor sula mbainim m'aois scoir íosta amach?

Má tá tú 55 bliain d'aois ar a laghad, is féidir go mbeidh tú incháilithe do Scor Luath Deonach. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoi scor luath sa spléach-threoir Scor Luath Deonach nó i do Bhileog Faisnéise Scéime.

### An méadófar mo Scéim Pinsin Aonair i ndiaidh dom dul ar scor?

Is féidir go méadófar do phinsean i ndiaidh duit dul ar scor ar aon dul le haon méaduithe ar bhoilsciú, ag brath ar fhaomhadh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### Cad é a tharlaíonn má fhaighim bás i ndiaidh dom dul ar scor?

Má fhágann tú Céile, Páirtí Sibhialta nó leanbh cleithiúnach atá fós beo agus incháilithe i do dhiaidh, is féidir go mbeidh siad incháilithe pinsean a fháil.

### An bhfuil mé i dteideal Pinsin Stáit Ranníocaigh freisin?

D'fhéadfadh go mbeifeá i dteideal an Pinsin Stáit Ranníocaigh a fháil a mbeadh iníoctha leat as féin ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ag do ghnáthaois scoir.

Tá teidlíocht do Phinsean Stáit Ranníocach bunaithe ar chritéir cháilitheachta a socraíonn an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Ní féidir ach teacht ar thuilleadh eolais ar theidlíocht Pinsin Stáit Ranníocaigh, lena n-áirítear sonraí faoi chritéir cháilitheachta, ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ach scairt a chur ar LoCall 1890 500 000 nó dul ar a suíomh idirlín ag www.welfare.ie

### Cá háit ar féidir liom teacht ar thuilleadh eolais ar shochair mo Scéim Scoir Aonair?

Is féidir teacht ar eolas níos ginearálta, lena n-áirítear cóip de do **Bhileog Faisnéise Scéime**, i réimse comhaltaí shuíomh idirlín na Scéime Aonair ag www.singlepensionscheme.gov.ie/for-members/

Má tá ceisteanna ar leith agat nó má tá a thuilleadh cabhrach uait, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Pinsin d'fhostóra a mbeidh in ann cabhrú leat.

